Ceist le haghaidh freagra ó bhéal O-000110/2018
ar an gCoimisiún
Rule 128
Judith Sargentini, Ska Keller, Jean Lambert, Josep-Maria Terricabras, Bodil Valero, Romeo Franz, Eva Joly
thar ceann an Ghrúpa Verts/ALE

Ábhar: Gá le sásra cuimsitheach um an Daonlathas, um an Smacht Reachta agus um Chearta Bunúsacha

Dhá bhliain ó shin, ghlac an Parlaimint tuarascáil tionscnaimh reachtaigh maidir le sásra AE um an Daonlathas, um Smacht Reachta agus um Chearta Bunúsacha (DSRCB) a bhunú[1]. Moltar sa rún Comhshocrú idirinstitiúideach AE a chur ar bun le haghaidh DSRCB. Sa chomhshocrú sin, bheadh Tuarascáil bhliantúil de chuid DSRCB maidir lena mhéid a chomhlíonann na Ballstáit na luachanna a leagtar síos in Airteagal 2 de CAE, maille le moltaí tír-shonracha, chun bonn a thabhairt do dhíospóireacht idirpharlaiminteach agus do thimthriall beartais DSRCB buan laistigh de na hinstitiúidí. Thiocfadh Comhshocrú DSRCB in ionad an chur chuige neamhrialta, polaitithe agus atá bunaithe ar ghéarchéim atá le feiceáil i bhfreagraí institiúidí AE ar dhúshláin DSRCB in AE. Ar an drochuair, níl an Chomhairle ná an Coimisiún tagtha ar bord leis an iarracht maidir le Comhshocrú DSRCB a chur ar bun. I bhfianaise na ndúshlán DSRCB atá ag fás in AE, amhail iad siúd atá léirithe trí nósanna imeachta agus nósanna imeachta réime um an smacht reachta Airteagal 7(1) de CAE a thionscnamh, nósanna imeachta um shárú agus cásanna os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, cruthú grúpa faireacháin maidir le smacht reachta in PE agus éisteachtaí agus rúin éagsúla, is léir go bhfuil sásra buan agus oibiachtúil ag teastáil ó AE go práinneach chun déileáil leis na dúshláin bhunúsacha sin.

Dá réir sin:

1. An aontaíonn an Coimisiún nach bhfuil an cur chuige reatha inbhuanaithe, mar gur léir nach bhfuil sé in ann dul i ngleic go héifeachtach le sáruithe tromchúiseacha ar Airteagal 2 ná iad a chosc?

2. An aontaíonn an Coimisiún nach leor Airteagal 7 de CAE ann féin mar fhreagra éifeachtach ar na sáruithe sin, go háirithe má tá níos mó ná Ballstát amháin faoi réir ag nós imeachta faoi agus, dá bhrí sin, go bhfuil sásra idirinstitiúideach comhlántach agus buan ag teastáil chun déileáil le dúshláin DSRCB atá ag fás?

3. Maidir le togra an Choimisiúin maidir le coinníollacht an smachta reachta i mbuiséad an Aontais[2], an aontaíonn an Coimisiún leis an seasamh atá curtha in iúl i dtuairim Chúirt Iniúchóirí na hEorpa[3] go bhfuil níos mó sonrúcháin foinsí agus treorach ag teastáil chun easnaimh ghinearálaithe i ndáil leis an smacht reachta sna Ballstáit a chinneadh, agus go gcuireann comhshocrú DSRCB sásra oiriúnach ar fáil chun na heasnaimh sin a chinneadh?

4. An molfaidh an Coimisiún Comhshocrú DSRCB a chur ar bun ina chumarsáid ar an smacht reachta atá ag teacht gan mhoill?

Curtha síos: 3.10.2018
Curtha ar aghaidh: 5.10.2018
Spriocam le haghaidh freagra: 12.10.2018

[1] Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 25 Deireadh Fómhair 2016 maille le moltaí don Choimisiún maidir le sásra AE um an daonlathas, um an smacht reachta agus um chearta bunúsacha a bhunú – Téacsanna a glacadh, P8_TA(2016)0409.
[2] Coimisiún Eorpach, Togra le haghaidh Rialachán maidir le buiséad an Aontais a chosaint i gcás easnaimh ghinearálaithe i ndáil leis an smacht reachta sna Ballstáit, COM(2018)0324, 2 Bealtaine 2018.
[3] Cúirt Iniúchóirí na hEorpa, Tuairim 1/2018, 17 Iúil 2018.